



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2015**

**Scéim Mharcála**

**Gaeilge**

**Bonnleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis foilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2015**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**CUID I: CLUASTUISCINT (120 marc)**

**Ceist 1 (14 mharc)**

- (a) Báicéir = an tríú pictiúr ... 7 marc )  
= 14 mharc
- (b) Ar a haon a chlog ... 7 marc )

**Ceist 2 (14 mharc)**

- (a) Leadóg = an chéad phictiúr ... 7 marc )  
= 14 mharc
- (b) Béal Feirste ... 7 marc )

**Ceist 3 (8 marc)**

An Fiaclóir = an ceathrú pictiúr ... 8 marc ) = 8 marc

**Ceist 4 (8 marc)**

An bosca in aice leis an ospidéal (tic nó saighead sa bhosca) ... 8 marc ) = 8 marc

**Ceist 5 (16 mharc)**

- (a) Tirim / Gaofar = an chéad phictiúr ... 8 marc )  
= 16 mharc
- (b) Sa Spidéal ... 8 marc )

**Ceist 6 (20 marc)**

- (a) Bhí sí déanach inné ... 10 marc )  
= 20 marc
- (b) Matamaitic ... 10 marc )

**Ceist 7 (20 marc)**

- (a) Dhíol sé é ... 10 marc )  
= 20 marc
- (b) Post in ionad spóirt ... 10 marc )

**Ceist 8 (20 marc)**

- (a) Ar an ollscoil ... 10 marc )  
= 20 marc
- (b) Níl páirtí aici ... 10 marc )

**CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)**

**Ceist 1** Meaitseáil:

**(40 marc)**

<b>Uimhir an phictiúir</b>	<b>Litir</b>
1	G
2	I
3	B
4	H
5	A
6	D
7	J
8	F
9	C
10	E

**10 x 4 mharc = 40 marc**

An Nós Marcála:

- An marc bronnta a chur sa bhosca (4 nó 0) agus an t-iomlán ag bun an leathanaigh agus dhá líne faoi.
- An t-iomlán a chur in aice le huimhir na ceiste, agus ciorcal timpeall air agus é a aistriú go dtí an bosca cuí ar an ngreille ar an gclúdach.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir / intuigthe.
- Iomlán carnach a bhreacadh ag bun an leathanaigh.

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos

**(50 marc)**

**(a) Litir (25 marc)**

- |                      |              |           |
|----------------------|--------------|-----------|
| 1. Co. Dhún na nGall | ... 5 mharc) |           |
| 2. Fáilteoir         | ... 5 mharc) |           |
| 3. Grád B            | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. 3                 | ... 5 mharc) |           |
| 5. Teastais oibre    | ... 5 mharc) |           |

**(b) Bróisiúr (25 marc)**

- |                          |              |           |
|--------------------------|--------------|-----------|
| 1. In Éirinn             | ... 5 mharc) |           |
| 2. 9 gcontae             | ... 5 mharc) |           |
| 3. An ghrian ag dul faoi | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. Seoltóireacht         | ... 5 mharc) |           |
| 5. Sna tithe tábhairne   | ... 5 mharc) |           |

**(c) Scéal Nuachta (25 marc)**

- |                      |              |           |
|----------------------|--------------|-----------|
| 1. Abhaile ón scoil  | ... 5 mharc) |           |
| 2. Ar bharr dréimire | ... 5 mharc) |           |
| 3. Madra ag tafann   | ... 5 mharc) | = 25 marc |
| 4. Emer              | ... 5 mharc) |           |
| 5. San ospidéal      | ... 5 mharc) |           |

**Nóta:** Suimigh an dá iomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán bronnta in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 6 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnógacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a) Alt (30 marc)**

1. Mar dhornálaí ... 6 mharc)
2. Bonn Oilimpeach ... 6 mharc)
3. Sacar ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Leabhar ... 6 mharc)
5. Téann sí chuig an bpictiúrlann nó chuig bialann  
lena cairde ... 6 mharc)  
Téann sí chuig an bpictiúrlann lena cairde = 6 mharc  
Téann sí chuig bialann lena cairde = 6 mharc  
Téann sí chuig an bpictiúrlann nó chuig bialann = 6 mharc  
Téann sí chuig an bpictiúrlann = 3 mharc  
Téann sí chuig bialann = 3 mharc  
Pictiúrlann = 1 mharc  
Bialann = 1 mharc  
Téann sí lena cairde = 0

**(b) Giota (30 marc)**

1. Sráid Uí Chonaill ... 6 mharc)
2. Stampaí poist ... 6 mharc)
3. Árasáin ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Bratach na hÉireann ... 6 mharc)  
Cuireadh Bratach na hÉireann in airde ar an bhfoirgneamh = 6 mharc  
Bratach = 3 mharc
5. 2016 ... 6 mharc)

**(c) Véarsaí (30 marc)**

1. An Geimhreadh ... 6 mharc)
2. Ag canadh ... 6 mharc)
3. An ghrian ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Ag pocléimneach ... 6 mharc)
5. Áthas ... 6 mharc)  
Áthas arís ar gach ní beo = 6 mharc  
Dóchas = 2 mharc  
Véarsa 3, Líne 3 agus Líne 4 le chéile = 6 mharc  
Véarsa 3, Líne 2 agus Líne 3 le chéile = 4 mharc  
Véarsa 3, Líne 1, Líne 2 agus Líne 3 le chéile = 2 mharc

## CUID II: ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)

### *Comhairle speisialta*

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil 'ad rem'*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

### **Ní ceartú atá i gceist ach measúnú agus marcáil.**

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint.

### **Cumas Cumarsáide: (CUM)**

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó / di a chomhlíonadh.

### **Cruinneas Gaeilge: (CR)**

- (i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus cruinneas gramadaí.
- (ii) Foclóir - cruinneas foclóra.
- (iii) Litriú - cé go mbeadh sé seo san áireamh moltar gan an iomarca béime a chur ar an ngné seo ag an leibhéal seo.

### **Ábhar nach bhfuil 'ad rem':**

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach fo-cheiste.

### **Ábhar Neamhghnách:**

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

**N.B.:** Ná glac le Béarla.

**Nóta:** Má dhéantar an dá rogha i gCeist 4 nó i gCeist 5, marcáil an dá iarracht agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnógacha thart ar an marc is ísle. Cuir an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste agus cuir ciorcal timpeall air.

Ceist 4 Freagair (a) NÓ (b).

(40 marc)

**(a) Fógra (40 marc)**

Cumas Cumarsáide = 30 marc)  
= 40 marc  
Cruinneas Gaeilge = 10 marc)

**Tasc** → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**Cumas Cumarsáide = 30 marc**

- (i) Leagan Amach = 1 mharc  
Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal *Fógra* agus san imeall) = 1 mharc
- (ii) Treoracha = 29 marc

Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.

- **Pictiúr 1 (8 marc)**
  - Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc
  - Cén áit a mbeidh sé? 4 mharc
- **Pictiúr 2 (13 mharc)**
  - Cén lá? 4 mharc
  - Dáta? 3 mharc
  - Am? 3 mharc
  - Cead isteach? 3 mharc
- **Pictiúr 3 (4 mharc)**
  - Cén t-aoi speisialta? 4 mharc
- **Pictiúr 4 (4 mharc)**
  - Cá rachaidh an t-airgead? 4 mharc

Leagan Amach = 1 mharc  
Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8 marc  
Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13 mharc  
Pictiúr 3 = 4 = 4 mharc  
Pictiúr 4 = 4 = 4 mharc

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid	CUM (30) =
Cruinneas Gaeilge	CR (10) =

**Cruinneas Gaeilge = 10 marc**

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht ina hiomláine.



## **Iarracht ar fhógra 1 mharc**

Más iarracht ar Fhógra atá ann cuir tic leis an bhfocal “Fógra” agus bronn marc amháin (sa cholún).

### **Pictiúr 1 Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc:

Céilí; damhsa; rince; rince seite / taispeántas (seó) rince; comórtas rince / damhsa / seisiún rince / damhsa; oíche rince / ceachtanna (ranganna) rince...

Beidh pionós -1 i gceist má luaitear: Fleá Cheoil

Beidh pionós -2 i gceist má luaitear: ceolchoirm; oíche cheoil; seisiún ceoil

Beidh pionós -3 i gceist má luaitear: ceol; banna ceoil ag seinm

### **Pictiúr 1 Cén áit a mbeidh sé? 4 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: halla ainmnithe: halla na scoile, halla pobail, óstán ainmnithe.

Beidh pionós -2 i gceist má luaitear: sa scoil; san óstán; sa halla

Ná bronn aon mharc ar halla / ainm áite i mBéarla.

### **Pictiúr 2 Cén lá? 4 mharc**

Glac le lá ar bith atá ainmnithe: inniu; tráthnóna; anocht; amárach; ag an deireadh seachtaine; gach Luan....; Ó Luan go Satharn; an tseachtain seo chugainn...

Beidh pionós -1 i gceist má luaitear an Aimsir Chaite: Dé Luain seo caite...

### **Pictiúr 2 Dáta? 3 mharc**

Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a lua.

Samplaí: 4 Feabhra, 16 Meitheamh 2015...

Glac le raon dátaí mar shampla: 4 Feabhra – 6 Feabhra...

Pionós -1 i gceist má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: Márta, Lúnasa...

### **Pictiúr 2 Am? 3 mharc**

Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs.

Samplaí: Ocht a chlog; 8 p.m; am lóin; 4 p.m - 6 p.m.; meán lae / meán oíche; tar éis na scoile...

### **Pictiúr 2 Cead isteach? 3 mharc**

Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le cead isteach.

Samplaí: Cead isteach: €5; Cúig euro ag an doras: Ticéad €5...

Pionós -2 i gceist má bhíonn méid airgid leis féin, €5 gan aon cheangal le cead isteach.  
Pionós -2 i gceist sa chás go bhfuil an comhartha euro / airgid in easnamh.  
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom leis féin.

**Pictiúr 3 Cén t-aoi speisialta? 4 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil.

Samplaí : Aoi Speisialta – Mícheál D.; beidh Uachtarán na hÉireann ann / i láthair; beidh Mícheál D. Ó hUiginn mar aoi speisialta; Fear an tí : Mícheál D....

Pionós -3 i gceist má bhíonn Uachtarán na hÉireann scríofa gan aon ionramháil.

Ná glac le hainm eile nó le haoi eile (fear nó bean).

**Pictiúr 4 Cá rachaidh an t-airgead ? 4 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go Simon / daoine bochta / daoine gan teach.

Samplaí: Ar son daoine gan teach; ar son Simon; ar son daoine bochta; airgead ag dul go Simon; airgead do dhaoine gan teach; Airgead : Simon / daoine gan teach nó airgead → Simon; Airgead = Simon; Airgead = Daoine gan teach...

Pionós -2 i gceist: Rachaidh an t-airgead Simon (gan aon cheangal soiléir ann)

Pionós -3 i gceist i gcás na samplaí seo a leanas: Simon nó Daoine gan Teach gan aon ionramháil.

Ná bronn aon mharc má luaitear eagraíocht eile, mar shampla: Trócaire, Goal...

**Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.**

- Leagan Amach = 1
- Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8
- Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13
- Pictiúr 3 = 4 = 4
- Pictiúr 4 = 4 = 4

\_\_\_\_\_

**Cruinneas Gaeilge = 10 marc**

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht ina hiomláine.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid CUM (30) =

Cruinneas Gaeilge CR (10) =

## Nó

### (b) Litir (40 marc)

Cumas Cumarsáide = 30 marc)  
= 40 marc  
Cruinneas Gaeilge = 10 marc)

**Tasc** → Litir a scríobh abhaile chuig do chara bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**Cumas Cumarsáide** = 30 marc

**Leagan Amach** = 6 mharc

- Seoladh = 2 mharc
- Dáta (glac le figiúirí) = 1 mharc
- Beannú = 1 mharc
- Críoch / Slán = 2 mharc

**Treoracha** = 24 marc

- Pictiúr 1: Pointe **amháin** eolais = 1 x 3 mharc = 3 mharc
- Pictiúr 2: **Dhá** phointe eolais = 2 x 3 mharc = 6 mharc
- Pictiúr 3: **Trí** phointe eolais = 3 x 3 mharc = 9 marc
- Pictiúr 4: **Dhá** phointe eolais = 2 x 3 mharc = 6 mharc

**Cruinneas Gaeilge** = 10 marc

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht ina hiomláine.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid CUM (30) =

Cruinneas Gaeilge CR (10) =

## Leagan amach:

**Seoladh:** Caithfidh dhá chuid (1 mharc + 1 mharc) a bheith ann, as Gaeilge = **2 mharc**  
Glac lena leithéid de “*Bóthar Crumlin*” nó “*Sráid Patrick*”  
Ná glac le hainm an bhaile i mBéarla.

**Dáta:** Glac le figiúirí = **1 mharc**

**Beannú:** Ainm ar bith, fiú a *chara*. = **1 mharc**

**Críoch:** Dhá chuid ag teastáil: *Slán* ... agus ainm = **2 mharc**

**Pictiúr 1** Ag insint faoin **aerfort** (pointe **amháin** eolais) = **3 mharc**

**Samplaí:** an t-aerfort mór; gnóthach; nua-thógtha; suíomh; busanna agus carranna ag dul ann; daoine ag dul ar eitleáin; eitleáin ag tuirlingt...

**Pictiúr 2** Ag insint faoi na **daoine** a fheiceann tú san aerfort (**dhá** phointe eolais)  
**3 mharc + 3 mharc = 6 mharc**

**Samplaí:** Píolóta; aeróstach; daoine ag taisteal; seandaoine; daoine óga; páistí; daoine ag iompar cásanna / bagáiste; duine cáiliúil a chonaic tú ann...

**Pictiúr 3** Ag insint faoin **obair** a dhéanann tú san aerfort (**trí** phointe eolais)  
**3 mharc + 3 mharc + 3 mharc = 9 marc**

**Samplaí:** Ag freastal ar chustaiméirí; ag obair ag an gcuntar; ag tabhairt amach bia; ag déanamh béilí; ag glanadh bord; ag glanadh suas; ag díol sa siopa; ag tógáil airgid; ag tógáil orduithe; ag cur cásanna ar eitleáin; ag obair leis an mbagáiste; ag iompar bagáiste; ag cabhrú le daoine; ag obair i siopa nuachtáin / leabhar...

**Pictiúr 4** Ag insint faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn **lá saor** agat (**dhá** phointe eolais)  
**3 mharc + 3 mharc = 6 mharc**

Tagairt ar bith do na rudaí atá ar siúl i bpictiúr 4:

**Samplaí:** Ag éisteacht le ceol; ag rince / ag damhsa / dioscó / ceolchoirm / cóisir / ag siopadóireacht, ag dul isteach sa chathair, ag siúl; ag dul amach le do chairde...

**Cruinneas Gaeilge** = **10 marc**

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht ina hiomláine.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid CUM (30) =

Cruinneas Gaeilge CR (10) =

**(a) Cuntas (50 marc)**

Cumas Cumarsáide = 37 marc)

= 50 marc

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc)

**Tasc** → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar:

**Cluiche Mór i bPáirc an Chrócaigh** mar atá léirithe sa phictiúr.

**Cumas Cumarsáide**

**= 37 marc**

- Níor mhór cúig thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5 ón 37 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ( $37 - 5_t = 32$ )
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcana bronnta agus bainte a léiriú.

**Glac le tagairtí do na rudaí seo a leanas:**

An cluiche; iománaíocht / camógaíocht; na foirne (Cill Chainnigh + Corcaigh) a bhí ag imirt; an lá; an t-am; an aimsir; an slua / lucht féachana; an áit plódaithe; cé a chuaigh chuig an gluiche leat?; na héadaí a chaith sibh; an cead isteach; an t-atmaisféar; an imirt; an scór; imreoirí áirithe; réiteoir; bainisteoir; bia / deoch; turas go dtí an cluiche; an turas abhaile; tuairim faoin gluiche; ar thaitin an cluiche leat?...

**Cruinneas Gaeilge**

**= 13 mharc**

Bronn marc as 13 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht ina hiomláine.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid CUM (37) =

Cruinneas Gaeilge CR (13) =

## Nó

### (b) Eachtra (50 marc)

Cumas Cumarsáide = 37 marc)

= 50 marc

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc)

**Tasc** → Scríobh faoi Eachtra (timpeall 90 focal) a tharla **agus tú ag dul go dtí an amharclann le do chara.**

#### Cumas Cumarsáide

= 37 marc

- Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach chun go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra. Cúig thagairt ag teastáil san iomlán. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5) i gcás gach tagairt in easnamh. ( $37 - 5 = 32$ )
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcana bronnta agus bainte a léiriú.

#### Glac leis na tagairtí seo a leanas:

Pictiúr 1: Sa bhialann; ag ithe / ag ól; bia; caife; an t-am; an freastalaí; ag caint; na ticéid i bpóca a bhríste...

Pictiúr 2: Ag fágáil na bialainne; an t-am; na ticéid ar an urlár...

Pictiúr 3: Ag siúl go dtí an amharclann; dráma; ceoldráma; Na ticéid á bpiocadh suas ag an bhfreastalaí...

Pictiúr 4: Ag fáil na dticéad ar ais; áthas; buíochas; an t-am; an halla plódaithe; suite os comhair an stáitse; bhain said taitneamh as an oíche...

#### Cruinneas Gaeilge

= 13 mharc

Bronn marc as 13 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht ina hiomláine.

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid CUM (37) =

Cruinneas Gaeilge CR (13) =

## Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonáíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

### Sa chás go dtagann scrúdaitheoir trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe réasúnta ó thaobh scrúduithe de ar fáil dó/di

- níor mhór don scrúdaitheoir a chur in iúl dá scrúdaitheoir comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici.
- caithfidh an scrúdaitheoir comhairleach a mhíniú don scrúdaitheoir go bhfuil gach gné den Scéim Mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh marcáil na scrípte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh.
- míneoidh an scrúdaitheoir comhairleach don scrúdaitheoir go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an Scéim Mharcála á cur i bhfeidhm ag an scrúdaitheoir ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.

#### Ceist 4

Má tá tarscaoileadh i gceist marcálfar Gaeilge as 4 agus ansin an céatadán cuí as 10 a bhronnadh.

Sampla:

$$\begin{aligned} \text{Cum (30)} &= 19 \\ * \text{Cr (4) } 3 &= \frac{8}{27} \\ &===== \end{aligned}$$

#### Ceist 5

Má tá tarscaoileadh i gceist marcálfar Gaeilge as 5 agus ansin an céatadán cuí as 13 a bhronnadh.

Sampla:

$$\begin{aligned} \text{Cum (37)} &= 23 \\ * \text{Cr (5) } 4 &= \frac{10}{33} \\ &===== \end{aligned}$$

## Triail Chluastuisceana

### An Téipscript

#### Ceist a hAon (Canúint Chonnacht)

Dia daoibh. Áine Ní Cheallaigh anseo. Is báicéir mé. Oibrím sa bhácús atá ag mo mháthair i lár an bhaile. Déanaimid arán agus cístí beaga. Déanaimid cístí móra d'ócáidí speisialta freisin. Is obair chrua í. Tosaímid ag bácáil sa bhácús ar leathuair tar éis a ceathair gach maidin ón Luan go dtí an Satharn. Osclaíonn an siopa ar a seacht. Bíonn an siopa gnóthach ar maidin de ghnáth. Tagann go leor daoine isteach go luath, tiománaithe tacaí, oibrithe oifige agus páistí scoile. Bíonn gach rud díolta amach go luath sa lá. Téim abhaile gach lá ar a haon a chlog. Bím saor gach tráthnóna agus bíonn orm dul a chodladh roimh a deich gach oíche. Is breá liom mo shaol mar bháicéir.

#### Ceist a Dó (Canúint Uladh)

Haigh. Is mise Cian Ó Catháin. Is maith liom spórt. Imrím leadóg leis an chlub leadóige i mo bhaile dúchais, Muineachán. Ní imrím spórt ar bith eile, ach is aoibhinn liom a bheith ag féachaint ar an spórt ar an teilifís, go háirithe ar an Sacar agus ar an Pheil Ghaelach. I ndáiríre, níl ach spórt amháin nach maith liom - sin Cruicéad. Rinne mé cúrsa iriseoireachta san Institiúid Teicneolaíochta i nDún Dealgan, Contae Lú. Tá mé ag obair faoi láthair mar iriseoir i mBéal Feirste. Scríobhaim ailt spóirt do nuachtán ann. Ach thar rud ar bith eile, ba bhreá liom a bheith i mo Thráchtair Spóirt ar an raidió nó ar an teilifís lá éigin.

#### Ceist a Trí (Canúint na Mumhan)

*Ar an mbóthar...carr ag stopadh*

**Bean:** Gabh mo leithscéal. An bhfuil fiaclóir ar bith sa bhaile seo? Tá tinneas fiacaile uafásach orm.

**Fear:** Cinnte, tá fiaclóir againn sa bhaile seo. Lean ort díreach ar aghaidh suas an bóthar seo. Téigh thar an leabharlann agus thar an ollmhargadh. Tá an fiaclóir ansin ar thaobh na láimhe deise. Má théann tú chomh fada leis an stáisiún peitрил, cas ar ais, mar beidh tú imithe rófhada.

**Bean:** Go raibh míle maith agat, a dhuine uasail. Slán.

#### Ceist a Ceathair (Canúint Uladh)

*Ar an tsráid...torann tráchta*

**Fear:** Heileo, an bhféadfá cuidiú liom, le do thoil? Tá mé i ndiaidh dul ar strae. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil siopa na ríomhairí?

**Bean:** Níl siopa na ríomhairí rófhada as seo. Lean ort díreach ar aghaidh go dtí na soilse tráchta. Cas ar dheis ansin. Ansin, téigh thar an ospidéal agus cas ar chlé. Tá siopa na ríomhairí ag barr na sráide sin ar thaobh na láimhe clé.

**Fear:** Ar dheis ag na soilse tráchta, thar an ospidéal, cas ar chlé ansin agus suas go barr na sráide.



**Bean:** Sin é go díreach.

**Fear:** Go raibh míle maith agat

**Bean:** Tá fáilte romhat. Go n-éirí do bhóthar leat.

### **Ceist a Cúig (Canúint Chonnacht)**

Rúnaí an chlub rothaíochta ag caint libh.

Beidh an turas rothaíochta ó Chathair na Gaillimhe go dtí an Cheathrú Rua ag tosú ag an gclubtheach maidin amárach ar a naoi a chlog. Tá súil agam go mbeidh an aimsir oiriúnach dó. Tá an aimsir geallta tirim ach beidh sé gaofar i rith an lae. Beidh gaoth láidir anoir ag séideadh. Ach ní drochscéala é sin, mar beidh cóir na gaoithe linn an bealach ar fad. Stopfaimid le haghaidh lóin sa Spidéal ag meán lae agus tá súil agam go mbeimid go léir ar an gCeathrú Rua roimh a cúig a chlog. Ádh mór ar gach duine.

### **Ceist a Sé (Canúint na Mumhan)**

*Ar an tsráid...torann tráchta*

**Cáit:** Dia duit, a Eoin. Fan liom nóiméad.

**Eoin:** Ó, Dia is Muire duit, a Cháit. Caithfimid brostú nó beimid déanach.

**Cáit:** Nach bhfuil a fhios agam. Bhí mé déanach inné agus bhí an príomhoide ar buile liom.

**Eoin:** Mo bhrón thú.

**Cáit:** Tá mé tuirseach traochta ar maidin. Bhí mé i mo shuí go dtí meán oíche aréir.

**Eoin:** Ná habair liom go raibh an méid sin obair bhaile le déanamh agat, a Cháit.

**Cáit:** Chríochnaigh mé an obair bhaile sa Bhéarla agus sa Stair tar éis an dinnéir. Ansin, tháinig cuairteoirí agus d'fhan siad déanach ag caint is ag comhrá.

**Eoin:** Cogar, a Cháit – An ndearna tú an obair bhaile sa Mhatamaitic aréir? Ní dhearna mise í.

**Cáit:** Ná bí buartha, a Eoin. Níl an Mhatamaitic déanta agamsa ach oiread.

**Eoin:** Cad a dhéanfaimid? Beimid i dtrioblóid leis an múinteoir.

**Cáit:** Tá plean agam, a Eoin. Ní bheidh an rang Matamaitice againn go dtí an tráthnóna. Déanfaimid an Mhatamaitic le chéile ag am lóin. Cabhróidh mise leat.

**Eoin:** An-phlean. Go raibh míle maith agat. Is cara iontach thú, a Cháit. Ach brostaigh a chailín - cloisim an clog sin ag bualadh.

### **Ceist a Seacht (Canúint Uladh)**

*Ar an tsráid...*

**Aisling:** A Bhriain! Cén fáth a bhfuil tusa anseo?

**Brian:** Cén fáth nach mbeinn anseo, a Aisling?

- Aisling:** Ag stad an bhus. Ní théann tusa ar an bhus riamh. Cá bhfuil do ghluaisrothar mór?
- Brian:** Níl sé agam a thuilleadh, a Aisling. Bhí orm fáil réidh leis.
- Aisling:** Ar goideadh é nó ar scriosadh é i dtimpiste?
- Brian:** Ní hea. Bhí orm é a dhíol. Chaill mé mo phost sa siopa crua-earraí nuair a druideadh é an mhí seo caite.
- Aisling:** Is mór an trua sin. Cad a dhéanfaidh tú anois?
- Brian:** Tá mé ag dul go Londain ag an deireadh seachtaine. Tá post ag mo dheartháir dom thall i Londain. Beidh mé ag obair leis in ionad spóirt i mbaile Camden ón Luan seo chugainn.
- Aisling:** An é sin do rogha post? Nó cén post ba mhaith leat i ndáiríre, a Bhriain?
- Brian:** B'fhearr liom a bheith ag obair ar láithreán tógála. Ach níl post mar sin ar fáil.
- Aisling:** Bhuel, go n-éirí leat i Londain.
- Brian:** Go raibh maith agat, a Aisling.
- Aisling:** Agus ná déan dearmad orainn anseo sa bhaile.
- Brian:** Ní dhéanfaidh mé. Tiocfaidh mé ar ais abhaile chomh minic agus is féidir liom.
- Aisling:** Maith an fear. Ó, seo chugainn an bus.

### **Ceist a hOcht (Canúint Chonnacht)**

*Ar an teileafón...*

- Orlaith:** A Liam, Orlaith anseo. Conas a bhí do chéad bhliain san Institiúid Teicneolaíochta i Luimneach?
- Liam:** Bhí bliain iontach agam, a Orlaith. Is mór an difríocht idir an mheánscoil agus an coláiste tríú leibhéal.
- Orlaith:** Tá mé ag tnúth go mór le dul ar an Ollscoil i mí Dheireadh Fómhair. Tá mé bréan den scoil seo.
- Liam:** Is dócha go mbeidh gliondar ort slán a fhágáil leis an meánscoil tar éis sé bliana a chaitheamh ann.
- Orlaith:** Beidh. Ach beidh orm filleadh ar an scoil ar ócáid amháin ag deireadh mhí Lúnasa.
- Liam:** Deireadh mhí Lúnasa? Ach nach dtagann na torthaí amach i lár mhí Lúnasa?
- Orlaith:** Tagann, gan dabht. Ach tá mise ag smaoineamh ar Chóisir na *Debs*.
- Liam:** Sin ócáid an-speisialta, a Orlaith.
- Orlaith:** Is ea, ach cogar tá gúna agam, tá dhá thicéad agam, ach fós táim buartha, a Liam. Tá fadhb bheag amháin agam.

**Liam:** Cén fhadhb atá agat, a Orlaith?

**Orlaith:** Níl páirtí agam fós don chóisir, agus ní féidir liom dul ann i m'aonar.

**Liam:** Caithfidh tú cuireadh a thabhairt do dhuine éigin mar sin.

**Orlaith:** An rachaidh tusa liom go dtí Cóisir na *Debs*, a Liam?

**Liam:** Rachaidh, cinnte. Beidh oíche bhreá againn ann.

**Orlaith:** Ó, a Liam. Is iontach an cara thú.

**LEATHANACH**  
**BÁN**

**LEATHANACH**  
**BÁN**

**LEATHANACH**  
**BÁN**

**LEATHANACH**  
**BÁN**

